Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, tá orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €3.546 milliúin faoi réir géillte don Státchiste.

Tá an ráiteas faoi pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gciorclán 22 de 2023 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara na mór-aicmí sócmhainní doláimhsithe:

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré Úsáideach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnas bogearraí | 5 bhliain | 20% |
| Bogearraí faighte/ forbartha | 10 bhliain | 10% |

## Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistithe seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Naisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí roinnte achmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte achmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainstíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgais maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe:

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig chun rioscaí féideartha a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú, áirítear
    - struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
    - scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas ar nithe a imríonn tionchar ar riosca
    - pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ar leibhéal eagraíochtúil, na Rannóige agus na mBrainse.
    - creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a áirithiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra aige atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil a bhfuil mé tar éis a cheadú. Bonn eolais dá chuid oibre is ea anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheanaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. B'ionann caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar conradh, agus €207.35 milliún san iomlán in 2023.

Tá sonraí maidir le 68 conradh neamh-iomaíochta curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Bhí an Oifig comhlíontach le treoirlínte seachas i gcás 8 gconradh (sa bhreis ar €25,000), arb ionann é agus €2,671,650 san iomlán (eisiata ó CBL) agus leagtar na sonraí amach thíos:

- Bronnadh conradh amháin roimhe seo chun seirbhísí slándála ar luach €2,048,061 a sholáthar faoi phróisis iomaíocha chomhlíontacha ach cuireadh síneadh leis fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tá conradh nua i bhfeidhm anois do na seirbhísí seo.
- Meastar go raibh conradh amháin chun leictreachas a sholáthar ar luach €211,757, a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoilleanna idirthréimhseacha maidir le haistriú chuig soláthraí seirbhíse nua. Tá an soláthraí seirbhíse nua i bhfeidhm anois don seirbhís seo.
- Cuireadh síneadh le conradh amháin chun earraí urghafa a stóráil ar luach €159,062 a bronnadh faoi phróiseas iomaíoch comhlíontach in 2022 fhad agus fiosraíonn na Coimisinéirí Ioncaim roghanna margaidh maidir le diúscairt shábháilte agus stóráil na n-earraí amach anseo agus athnuachan conartha chun an Trádstóras Stáit a bhainistiú.
- Meastar go raibh conradh amháin chun seirbhísí gutha soghluaiste agus sonraí a sholáthar ar luach €102,686, a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch comhlíontach, neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoilleanna idirthréimhseacha maidir le haistriú chuig soláthraí seirbhíse nua. Rachaidh iarratas nua ar thairiscintí ar an margadh le linn Ráithe 2 de 2024 a thabharfaidh aghaidh ar shaincheisteanna na himirce.

- Measadh go raibh dhá chonradh le haghaidh seirbhísí closamhairc agus trealamh tástála breosla ar luach iomlán €80,047, neamhchomhlíontach toisc go raibh caiteachas comhiomlánaithe os cionn na tairsí do phróisis soláthair níos foirmiúla. Déanfar athbhreithniú ar na riachtanais d'fhonn próisis soláthair chomhlíontacha a chur i bhfeidhm le linn 2024.
- Measadh go raibh conradh amháin le haghaidh ceadúnais bhogearraí ar luach €37,507 a sholáthar neamhchomhlíontach mar dhámhachtain dhíreach do sholáthraí. Cuirfear próiseas soláthair níos foirmiúla i bhfeidhm in 2024 chun na ceadúnais seo a athnuachan amach anseo.
- Measadh conradh amháin le haghaidh seirbhísí oiliúna ar luach €32,530 a bheith neamhchomhlíontach toisc go raibh caiteachas comhiomlánaithe os cionn na tairsí bainteach do phróiseas soláthair níos foirmiúla. Tá conradh nua i bhfeidhm anois don oiliúint seo.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear faoi soláthar thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhnaíochtaí atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú. Tá Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, luacháil agus grádú ar na rioscaí seo de réir a dóchúlachta agus a dtionchar. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá próiseas athbhreithnithe ráithiúil ann don Chlár Riosca Corparáideach. Tuairiscíonn rannóga ar éifeachtacht na rialuithe maolaithe riosca agus na leibhéal riosca iarmharach tar éis maolaithe. Déantar athbhreithnithe ar an gclár, lena n-áirítear ar chóir aon athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó ar rangú rioscaí aonair, a mheas mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR). Ansin cuireann an CBR an clár nuashonraithe faoi bhráid an Choiste Chomhairleach Bainistíochta (CCB) le tabhairt dá aire. D’fhoráil an próiseas seo go n-aithnítear ardú riosca, go n-athbhreithnítear, go dtuairiscítear agus go n-áireofar é sa Chlár Riosca Corparáide. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus a tugann siad dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartais bhainistíochta riosca na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí i bhfeidhm le freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar straitéis agus cur i bhfeidhm cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (RGCS) agus tacaíonn Aonad Cosanta Sonraí leis an oifigeach seo.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Bonn eolais d’obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Deacrachtaí rialaithe inmhéanaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

27 Márta 2024

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

***An bonn aitheanta muirir maidir le Críochfort 7 Ros Láir***

Gan agús a chur le mo ráiteas, tarraingím aird ar nóta 2.13 an chuntais leithreasa a thugann aghaidh ar ghealltanais an Vóta ag deireadh 2023. Nochtann sé seo go raibh €51.3 milliún gearrtha ar Vóta 9 in 2023 maidir le sciar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim de na costais a bhaineann le saoráid rialúcháin teorann nua a thógáil (Calafort 7) in Eoraphort Ros Láir. Rinneadh taifead ar na muirir i gcomparáid le fo-cheannteideal VI costais áitreabh oifige de réir threoracha díreacha na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

I mo thuairim, níl €31.3 milliún den mhuirear seo ag teacht leis na treoirlínte *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* a d'fhoilsigh an Roinn, ná leis na polasaithe cuntasaíochta a d'eisigh an Roinn sin do chuntais leithreasa 2023.

Mínítear i gCaibidil 3 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 an bonn a n-aithnítear na muirir air i gcuntas leithreasa 2023 do Vóta 9.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith roinnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Mean Fomhair 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d’iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d’fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m’iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m’iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

# Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A Riar agus bailiú cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann | | | | |
| *Leagan bunaidh* | 531,995 | | | |
| *Forlíonadh* | 55,364 | | | |
| | | 587,359 | 585,127 | 491,699 |
| **Glanchaiteachas** | | **587,359** | **585,127** | **491,699** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Leagan bunaidh* | 58,089 | | | |
| *Forlíonadh* | 3,066 | | | |
| | | **61,155** | **62,468** | **64,152** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Leagan bunaidh* | 473,906 | | | |
| *Forlíonadh* | 52,298 | | | |
| | | **526,204** | **522,659** | **427,547** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, faoi réir géillte don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,545,686** | **14,048,260** |

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

27 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 374,191 | 350,751 |
| Neamhphá | | 210,936 | 140,948 |
| **Glanchaiteachas** | | **585,127** | **491,699** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **62,468** | **64,152** |
| **Glanchaiteachas** | | **522,659** | **427,547** |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (1,562) | | |
| Dímheas | 7,806 | | |
| Diúscairtí in airgead tirim | 40 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1,184 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (19,238) | | |
| Amúchadh | 13,795 | | |
| | | 2,025 | (665) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhardail | 325 | | |
| (Méadú) ar réamhíocaíochtaí | (1,710) | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 5 | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 2,998 | | |
| (Laghdú) ar ioncam iarchurtha | (1,117) | | |
| | | 501 | 6,321 |
| **Caiteachas díreach** | | **525,185** | **433,203** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 171,953 | 167,154 |
| Cíosanna barúlacha (neamhairgid tirim) | | 12,043 | 12,043 |
| **Glanchostas cláir** | | **709,181** | **612,400** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile, ghlan ó chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 156,569 | 152,597 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 19,012 | 19,380 |
| Vóta 18 | Oifig Naisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 705 | 680 |
| | | 176,286 | 172,657 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do sheirbhísí vótaí eile a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim gan mhuirear [a] | | (4,333) | (5,503) |
| | | **171,953** | **167,154** |

Tabhair do d'aire

[a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan muirear do Vótaí eile léirithe anseo (€4.333 milliún), cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €1.412 milliún ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí eile neamhvótáilte. Cé gur costais iarbhír iad tromlach na gcostas seirbhíse gaolmhara, cuireadh gar-chostais i bhfeidhm i gcás nach bhfuil na costais iarbhír ar fáil.

Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar riaradh scéimeanna maoinithe na Roinne Coimirce Sóisialaí (Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)) agus scéim mhaoinithe na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG)) san áireamh toisc go raibh oibriú na scéimeanna seo comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Tabhair do d'aire | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 29,913 | 37,611 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 71,152 | 66,487 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **101,065** | **104,098** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 15,411 | 30,170 |
| Fardail | 2.4 | 1,080 | 1,405 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 16,966 | 15,256 |
| Ioncaim fabhraithe | 2.6 | 970 | 975 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 2,657 | 1,883 |
| **Iomlán na sócmhainn reatha** | | **37,084** | **49,689** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 7,307 | 4,789 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | 259 | 1,376 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.10 | 17,484 | 25,999 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.11 | 584 | 6,054 |
| **Iomlán na dliteanais reatha** | | **25,634** | **38,218** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 11,450 | 11,471 |
| **Glansócmhainní** | | **112,515** | **115,569** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.12 | **112,515** | **115,569** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige agus TF | Troscáin agus feisteas | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 20,793 | 54,007 | 88,681 | 163,481 |
| Breiseanna | 57 | 1,003 | 272 | 1,332 |
| Diúscairtí | (140) | (1,052) | (4,635) | (5,827) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 20,710 | 53,958 | 84,318 | 158,986 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 16,189 | 48,560 | 61,121 | 125,870 |
| Dímheas don bhliain | 1,447 | 2,391 | 3,968 | 7,806 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (140) | (1,051) | (3,412) | (4,603) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 17,496 | 49,900 | 61,677 | 129,073 |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **3,214** | **4,058** | **22,641** | **29,913** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 4,604 | 5,447 | 27,560 | 37,611 |

Nótaí

[a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh a athrangú go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

[b] Áirítear leis an gcostas nó leis an luacháil sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó Luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 392,367 | 5,751 | 398,118 |
| Breiseanna | 2,476 | 16,512 | 18,988 |
